

## Fás faoi Dhaonra na hÉireann

**Tasc A** Seo a leanas sonraí daonra na hÉireann le céad bliain anuas nó mar sin. Breac graf amshraithe den daonra in aghaidh ama.

**Tasc B** Cathain a bhí an daonra i mbun an fháis (i) ba ghasta? (ii) ba mhoille?  
Cén daonra a bheidh in Éirinn i ndaonáireamh 2016, dar leat?

**Tasc C** Tarraing graf de líon na bhfear in aghaidh líon na mban. Tabhair do thuairim faoi na hathruithe a thugann tú faoi deara.

Bliain	Daonra iomlán (Mílte)	Fir (Mílte)	Mná (Mílte)
1906	3,180	1,589	1,522
1916	3,083	1,561	1,522
1926	2,972	1,507	1,465
1936	2,968	1,520	1,448
1946	2,955	1,495	1,460
1956	2,898	1,463	1,435
1966	2,884	1,449	1,435
1976	3,228	1,623	1,605
1986	3,541	1,770	1,771
1996	3,626	1,800	1,826
2006	4,240	2,121	2,119
2011*	4,588	2,273	2,315

\*Tabhair faoi deara nach bhfuil ach cúig bliana idir an dá shraith dheireanacha thusa

### Tasc sínidh

Má tá 30 milliún duine i dtír A in 2005 agus má thagann fás 1.5 milliún duine in aghaidh na bliana fúithi, cén daonra a bheidh inti i gceann  $n$  bliain?

Tá 30 milliún duine i dtír B in 2005 freisin, ach bíonn fás 3.5% fúithi in aghaidh na bliana. Cén daonra a bheidh i dtír B i gceann  $n$  bliain?

Tarraing graf leis an dóigh a bhfuil fás faoi na daonraí seo a léiriú agus bain úsáid as chun a oibriú amach cá fhad a bheidh sé sula mbíonn an dá dhaonra ar cóimhéid an athuair.